Cá bhfaigheann an dreoilín bia agus tearmann
ach i gcaortha an eidhneáin agus sa chuileann
is fén gcaidhp bhán seaca, lonraíonn baclóga,
áit a gcanfaidh, sa mheitheamh, gearrcaigh óga.

— Ón dán 'Fuar Fuar í Éire' le Bríd Ní Mhóráin

Ealaíona na Gaeltachta

Nollaig 2011

Eisithe ag Ealaín na Gaeltachta Teo,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
(091) 503 100 ealain@udaras.ie

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA
FORBAIRT NA hEALAÍON DUCHASACHA AGUS COMHAIMSEARTHA

Rinceoirí Cónaithe ar an Seannóis

■ Ceapadh **Róisín Ní Mhainín** as Ros Muc mar rinceoir cónaitheach le hIonad an Léinn Éireannaigh, OIlscoil na hÉireann, Gaillimh Mí na Samhna seo caite. Is gradam bliantúil é seo a bhronntar ar amh-ránaí nó rinceoir cumasach ar an sean-nós. Stiúrann an t-ealaíontóir ceardlanna le mic léinn an Ionaid agus leis an bpobal agus tugtar ardán do na ealaíontóirí a gceird a chur i láthair ag imeachtaí poiblí agus ócáidí faoi leith a eagraíonn Ionad an Léinn Éireannaigh. Breis eolais: (091)492051

■ Tá **Pádraic Ó Dúbháin**, as Cill Chiaráin, buaiteoir chraobh rince aonair ar an seannós Oireachtas na Samhn 2011, ceaptha ag Áras Inis Ghluaire, Ionad Ealaíne Bhéal an Mhuir-thead mar rinceoir cónaitheach le ceardlanna a reáchtáil i gceantar Iorrais do mhuintir an cheantair. Sé scoil a bheidh páirteach ann; beidh ceardlann amháin ann in aghaidh na seachtaine do dhaoine fásta in Áras Inis Ghluaire. Níl traidisiúin láidir damhsa ar an sean-nós sa cheantar agus táthar ag súil go spreagfaidh an togra lucht féach-ana agus rannpháirtíocht sa rince seo i gceantar Iorrais san fhad-téarma agus go mbeidh deis breis ceardlann a reáchtáil ag eascairt as an tréimhse chónaithe.

Fuair an dá thogra rince tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta, Scéim Forbartha na nEalaíon, agus Scéim na bPríomhréimsí do na healaíona traidisiúnta.

Féile Trad an Daingin

Féile nua is ea **Féile Trad an Daingin** a léiríonn ceol nuálach traidisiúnta agus ceol chumaisc. Bhí sárfhéile acu Meán Fómhair seo caite. I measc na n-imeachtaí bhí sraith coirmeacha cheoil, seisiún agus oilthireacht ceoil dhá-theangach go Cnoc Bréanainn in ainneoin go raibh sé ina stoirm i gCorca Dhuibhne i rith na féile. Bhí an máistir **Liam Ó Maonlaí** in ard-foirm in óstán an Hillgrove agus léirigh sé taispeántas ceoil den scoth. Sheinn an mór-ghrúpa Éireannach/Albanach **Kan** le **Brian Finnegan** agus **Aidan O Rourke**, a gcéad taispeántas in Éirinn. Bhuaigh **Jeremy Spencer** an chéad chomórtas cumad-óireachta agus cuimhneacháin Stephen Carroll (Bosca Ceoil) leis an sleamhnán Cahernane Meadows. Bhí Baile an Daingin mar croílár ceol agus cultúr i rith na deireadh seachtaine agus bhain na ceoltoirí agus na héisteoirí an-taitneamh as an bhféile – go háirithe na séisiúin a bhí ar siúl ar fud an bhaile!

Ardán sa Tobar!

Tús áite tugtha don éisteacht agus don chruthaitheacht ag club nua ceoil sa Spidéal

Cuireadh tús bríomhar le Ardán mí Dheireadh Fómhair seo caite sa seomra cúil sa Tobar i sráidbhaile an Spidéil. Chuir an lucht freastail an-fháilte roimh an gclub nua seo, sraith oícheanta comhluadair agus ceoil áit a dtugtar tús áite don éisteacht agus don chruthaitheacht agus do chumadóireacht an cheantair ó thaobh amhrán, ceoil agus cainte de gach tríú hAoine den mhí ar feadh an gheimhridh. Ardán atá ann do dhaoine nach bhfuil ábhar foilsithe acu fós nó dóibh siúd atá ar an mbóthar le scaitheamh, ábhar nua a chur os comhair lucht éisteachta. Bíonn maidhc oscailte mar chuid lárnach den oíche chomh maith agus tugtar cuireadh don lucht éisteachta deis a thapú le hamhráin, ceol, filíocht, agallaimh beirte, damhsa agus rl a chur i láthair. Ba iad **Breandán Ó hEaghra**, cumadóir amhrán as an gCeathrú Rua, **Charlie Lennon**, veidhleadóir agus cumadóir ceoil na haíonna a ghlac páirt ar an gcéad oíche. D'eisigh Breandán agus a ghrúpa **Rís** 'An fear nár mhair ach soicind', albam le hábhar nuachumtha le gairid agus tá Charlie ar dhuine de mhórchumadóirí ceoil atá préamhaithe sa dúchas Gaelach. Ba iad **Fearghas Mac Lochlainn**, **Traolach Ó Conghaile** agus **Seán Ó Gráinne** aoifhonnadóirí na míosa seo caite, triúr a bhfuil cónaí orthu i gceantar an Spidéil agus cáil orthu as a thráthúla agus a bharúla agus a bhíonn a gcuid saothair. Chas siad ábhar a chum siad do na comórtais amhráin nuachumtha, lúibíní agus amhráin saothair de chuid Oireachtas na Samhna. **Dordán** a bhí ina n-aoicheoltóirí ar an oíche, **Mary Bergin** ar an bhfeadóg stáin, **Kathleen Loughnane** ar an gcruit agus **Dearbhaill Standún** ar an bheidhlín. Tá cónaí orthu sa cheantar agus tá neart dlúthdhioscaí foilsithe acu mar ghrúpa agus cinn eisithe ag baill aonair freisin.

An Fear Nár Mhair ach Soicind: Ghlac Breandán Ó hEaghra ón grúpa Rís páirt sa gcéad oíche a bhí ag Ardán ar an Spidéal.

Fear nó bean a' tí difriúil a chuirfidh na hoícheanta i láthair gach mí. Rinne **Tadhg Mac Dhonnagáin**, fear fonn agus focal, agus **Treasa Ní Cheannabháin**, amhránaí agus cumadóir cur i láthair ag na hócáidí go dtí seo. Ná bí cuathaileach agus tapaigh do dheis!

Tuilleadh eolais:
Tadhg Mac Dhonnagáin 087-9037779
Deirdre Nic Chonaonaigh sa Ghaelacadamh: 091-553124.

An Cosán Glas in Italia!

I 1995 thosaigh ealaíontóirí ó Ghaeltacht Dhún na nGall An Cosán Glas le hoideachas sna físealaíona agus suim sa timpeallacht a spreagadh i measc daoine óga an réigiúin sin. Ó shin i leith tá An Cosán Glas ag cruthú cosán bliantúil de dhealbha mar chuid d'Fhéile an Earagail, chomh maith le himeachtaí eile ar fud na tíre. Ó 2004 tá an taispeántas oíche de dhealbha móra soilsithe, 'Loinnir', ag mealladh breis agus 2000 de lucht féanacha chuig Trá Mhachaire Rabhartaigh 'chuile bhliain agus le trí bliana anuas tá an taispeánas seo á aistriú go 'Páirc na nDaoine' i Leitir Ceanainn mar chuir den Oíche Chultúir.

I 2010 rinne Cooperative Le –Ali teagmháil leis An Cosán Glas. Comharchumann forbartha is ea Cooperative Le –Ali atá lonnaithe i villa ársa, ath-chóirithe ag an gComhairle Cathrach, agus é suite i 'Parco Cavaioni' páirc mhór in aice le Bologna san Iodáil. Ag eascrú as seo, rinne an An Cosán Glas, le cúnamh ón ailtire, Elizabeth Francis, as an Fhal Carrach ó dhúchas, ach atá anois ina cónaí i Bologna, iarratas cosán dealbh soilsithe, cosúil le Loinnir, a chur ar thaispeántas sa pháirc. Thug Stiúidió Cinquerosso cuireadh dóibh dul go Bologna, le páirt a ghlacadh i Arte Fiera, aonach ealaíne comhaimeartha. Dhear An Cosán Glas dealbh ollmhór soilsithe ar an láthair, é lasta le fuinneamh ó rothair a ghineann leicteachas. D'éirigh thar cionn leis an taispeántas agus as seo fuair an grúpa cuireadh chuig ócáid mhór – seoladh thionscnamh athghinniúna na cathrach – 'Energia dei Colli 2011' (Fuinneamh sna Cnoic)

I Mí an Mheithimh seo caite, tugadh 25 dealbh, saothar naonúr ealaíontóirí, ó Ghaoth Dobhair go dtí an Iodáil. Thaistil ceathrar ealaíontóirí sall ansin le hocht ndealbh a dhéanamh ag an suíomh, ceardlanna a reáchtáil le páistí agus an taispeántas a eagrú. Fuair an ócáid tacaíocht ó Rannóg Chomhshaoil na hIodáile, Comhairle Cathrach Bologna agus Ollscoil Isia in Urbino. Thug Cultúr Éireann tacaíocht ón taobh seo.

D'fhreastail Ambassadóir na hÉireann chun na hIodáile, Patrick Hennessy lena bhean Pauline, ón Róimh le bheith ag an seoladh. D'éirigh thar cionn leis an taispeántas agus tharraing sé go leor aird ó mheáin na hIodáile. Tugadh formhór na ndealbh ar ais go Dún na nGall ach fágadh cuid acu ar thaispeántas buan sa pháirc, rud a thugann poiblíocht agus láithreacht leantach do An Cosán Glas san Iodáil.

Bhí ríméad ar an An Cosán Glas cuireadh úr a fháil Mí Dheireadh Fómhair seo caite le ceardlanna a reáchtáil do pháistí Bologna agus taispeántas eile a chruthú i Parco Cavaioni do 2012. Beidh an togra ag tarlú Mí an Mheithimh seo chugainn.

Tá súil ag An Cosán Glas go mbeidh breis ealaíontóirí ón Ghaeltacht páirteach agus tá sé pleanáilte an taispeántas a thabhairt ar camchuairt go háiteanna eile san Iodáil agus sa Fhrainc.

Scríbhneoirí Óga Chorca Dhuibhne

Le cúpla bliain anuas, tá borradh faoin scríbhneoireacht chruthaitheach i bPobalscoil Chorca Dhuibhne, faoi mar atá léirithe ag torthaí Chomórtas an Oireachtais.

Tá Bríd Ní Mhóráin, file agus scríbhneoir cónaitheach, atá fostaithe ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne le hurraíocht ó Ealaín na Gaeltachta ag cur ceardlanna ar fáil sa Phobalscoil ag riaradh Scéim Léirmheastóireachta le cabhair agus comhoibriú na múinteoirí Gaeilge. Cuireadh roinnt saothar ó na ceardlanna isteach ar Chomórtas Liteartha an Údaráis i 2009 agus seoladh iarrachtaí na mbuaiteoirí ar aghaidh go dtí Comórtas an Oireachtais. Bhain Bríd Ní Eimhín an chéad áit amach don aiste faoi sé bliana déag in Oireachtas Dheireadh Fómhair, 2009. Chuir a múinteoir Gaeilge aiste dá cuid isteach ar an Oireachtas i mbliana agus thug sí an svae léi arís sa roinn chéanna.

D'fhreastal Dan Ó Dubháin ar cheardlanna Bhríde sa Phobalscoil agus bhuaigh a dhán, Mo Laoch, an chead duais i gComórtas Filíochta na scoile do Sheachtain na Gaeilge. Cuireadh a dhán isteach ar an Oireachtas don iarracht filíochta faoi 16 agus thug sé sin an chraobh leis go dtí Corca Dhuibhne.

Buaiteoirí chomórtas Liteartha Oireachtas na Gaeilge 2011 i dteannta an fhile, Bríd Ní Mhóráin atá ag oibriú faoi scáth Oidhreacht Chorca Dhuibhne mar Scríbhneoir Cónaitheach agus atá maoinithe ag Ealaín na Gaeltachta faoi Scéim na bPríomhréimsí.

Tá an scríbhneoir óg, Oisín Ó hEartáin tar éis dhá dhuais €3,000 a roinnt lena athair críonna, Brian Ó Baoill, i gComórtas an Oireachtais sa réimse Ficsean do dhaoine óga don dá leabhar 'Ionsaí' agus 'Eachtraí Oscair agus Aoife'.

'Sí seo an dara bliain go bhfuil Scéim Bhlagála á rith i measc na scoláirí, sa dara agus sa cheathrú bliain agus an saineolaí ríomhaire, Maitias Mac Cárthaigh ag cabhrú linn. Tá 'Cúpla' le Ógie Ó Céilleachair ar siúl ag na sóisir agus 'Dordán' agus 'Dún an Airgid' le Eilís Ní Dhuibhne ar bun ag na sinsir.

Thaithin an scéim seo go mór le daltaí na hIdirbhliana anuraidh, go hairithe toisc go raibh dhá iPod le buachaint acu!

Scéal Scéal Scéal

Beidh Aisteoirí an Spidéil ag reáchtáil tionscadal scéalaíochta ceannródaíoch do pháistí dar teideal 'Scéal Scéal Scéal', tús na bliana seo chugainn le hiarracht a dhéanamh an scéalaíocht a spreagadh in athuair sa cheantar.

Tá an scéalaíocht ar cheann de na healaíona dúchasacha is sine dá bhfuil againn agus a bhfuil fianaise againn uirthi ón traidisiún béil ó thraidisiúin na lámhscríbhinní. Is í an ealaíon dhúchasach is leochailí í faoi láthair. Ní tharlaíonn na hócáidí scéalaíochta ná na hócáidí éisteachta mar a tharlaíodh blianta siar, rud a fhágann go bhfuil go leor den phobal dall ar an ealaíon seo agus go bhfuil sí ag dul i léig go sciobtha.

Ceardlanna leanúnacha do pháistí idir 8-12 bhliain atá beartaithe faoi stiúir duine de mháistrí an traidisiúin Maidhc P. Ó Conaola. Beidh

Tabharfaidh Maidhc P. Ó Conaola ceardlanna scéalaíochta do pháistí mar chuid de thionscadal atá á reáchtáil ag Aisteoirí an Spidéil

ealaíontóir físe ag obair leis na rannpháirtithe le hábhair ealaíne a chruthú bunaithe ar na scéalta. Eagrófar taispeántas poiblí ag deireadh 'chuile sheisiúin agus beidh rabhlóga, rannta, scéalta gearra ón gceantar, sraithscéalta agus blaiseadh de sheanchas na Féinne ar an gclár.

Breis eolais le fáil ó 087/9583354.

Fuair an togra seo tacaíocht faoi Scéim Deis na Comhairle Ealaíon agus ó Údarás na Gaeltachta.

Spraoi le Branar

Le cúpla mí anuas, tá Branar, téatar do pháistí, i gcomhpháirt leis na Gombeens, ag forbairt léirithe do pháistí atá idir 2 agus 6 bliana d'aois.

Is i nGaeilge agus Catalóinis atá an léiriú curtha i láthair. Chaith siad tréimshe coicíse ag forbairt an phíosa in éindí le páistí naíonra 'An Chéad Eitilt' sna Forbacha.

Bhídís ag cleachtadh sa seomra drámaíochta atá acu agus gach lá théidís go haoisghrúpa faoi léith le cuid den dráma a thrial leo. Thug seo iniúchadh den scoth ar an gcaoi a dtéann naíonáin i ngleic le píosa drámaíochta.

Is scéal an-simplí atá ann faoi bheirt bhuachaillí atá san áit chéanna ag an am céanna agus tarlaíonn sé nach dtuigeann siad a chéile i dtaobh teanga ná geáitsí coirp. Caitheann siad an chuid eile den léiriú ag foghlam conas is féidir leo spraoi lena chéile. Tá Miquel Barcelló agus Jonathon Gunning iontach maith mar ealaíontóirí; baineann siad leas as na scileannaa shealbhaigh said ag 'Le Coq Paris' chun léiriú greanmhar, tuisceanach agus draíochta a chur i láthair.

Tá Branar ag súil le bheith ar an mbóthar leis an léiriú **Spraoi** san earrach nuair a bheas Jonaton Gunning críochnaithe ag aisteoireacht sa léiriú nua in Amharclann na Mainistreach

Eolas: www.Branar.ie

Fuair an togra Spraoi tacaíocht faoi Scéim Forbartha na nEalaíon 2011 ag Ealaín na Gaeltachta agus ó Fhoras na Gaeilge.



Setanta i léiriú nua an chompántais Fíbín

Fíbín san Abbey!

Tá lúcháir ar Fíbín a fhógairt go bhfuil cuireadh faighte acu ó Amharclann na Mainistreach an dráma 'Setanta' faoi stiúir Paul Mercier a léiriú i gcomhpháirtíocht leo. D'éirigh thar cionn leis na hoícheanta i Seanscoil Sailearna, Indreabháin agus beidh siad sa Phéacóg i mBaile Átha Cliath ón 6-10 Nollaig. Is iad Fibín an chéad chompántas Gaeltachta atá théis dul i gcomhpháirtíocht le hAmharclann na Mainistreach, Amharclann Náisiúnta na tíre, céim thábhachtach do na healaíona sa Ghaeltacht agus d'aitheantas agus d'fhorbairt dhrámaíocht na Gaeilge. Go maire an ceangal seo!

Coinnígí súil amach do ríomhlitir mhíosúil Ealaín na Gaeltachta i gcomhair nuachta, deiseanna maoinithe, agus imeachtaí ealaíne náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ná dearmadaigí teagmháil a dhéanamh linn ag **ealain@udaras.ie** má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt, nó má tá aon chomhairle uaibh maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht.

AnnÓg agus Lab na Mainistreach

Tá dhá thionscnamh faoi lánseol ag AnnÓg faoi láthair. Ceapadh Rónán Ó Snodaigh mar Chumadóir Cónaithe d'AnnÓg/An Lab faoi Scéim Forbartha na nEalaíon ag Ealaín na Gaeltachta. Chuir sé ceolchoirm ar siúl sa Lab ar an 25 Deireadh Fómhair do scoláirí ón bPobalscoil agus beidh ceardlanna rialta ar siúl aige gach Céadaoin ó thús na Samhna go dtí aimsir na Cásca 2012.

Is tionscnamh eile atá á phleanáil le tamall i dteannta le Theatr Felinfach sa Bhreatain Bheag agus Feisean nan Gaedhael in Alba é 'Branwen'. Tá sé seo bunaithe ar scéal ó na 'Mabinogi' atá lonnaithe idir An Bhreatain Bheag agus Éire agus beidh forbairt á déanamh ag an dá ghrúpa amharclannaíochta ar an scéal i rith an gheimhridh agus ceol le cur leis á chumadh ag Feisean nan Gaedhael. Cuirfear seó bunaithe ar an obair seo ar siúl sa Lab i rith shaoire na Cásca seo chugainn. Tosnóidh na cleachtaithe ag tús na Samhna agus beidh an-bhéim ar an bpróiseas. Cothófar caidreamh idir grúpaí éagsúla trí na meáin shóisialta agus beidh an seó trítheangach — Gaeilge, Gaidhlig agus Cymraeg (Breatnais).

Tá an tionsnamh seo urraithe ag an Esmee Fairbairn Foundation agus Iomairt Cholmcille.

Guíonn Ealaín na Gaeltachta gach rath ar Mary Cloake, iarstiúrthóir na Comhairle Ealaíon don todhchaí agus glacann muid buíochas léi as a cuid tacaíochta agus comhairle maidir le forbairt na n-ealaíon sa Ghaeltacht ó bunaíodh an chomhpháirtíocht straitéiseach, Ealaín na Gaeltachta, breis agus trí bliana déag ó shin.

Faoi agallamh: **Bríd Cranitch**

Ionad Cultúrtha Baile Mhúirne

Labhair Eibhlín de Paor, Áisitheoir Ealaíne Chúige Mumhan le Bríd Cranitch, maidir le hIonad Cultúrtha Baile Mhúirne agus ról an Ionaid Ealaíne i gceantar Mhúscraí.

Ní as ceantar Mhúscraí ó dhúchas duit, cad a mhúscail do chuid suime i gcúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta?
Tógadh mé trí mheán na Gaeilge - mar sin tá Gaeilge agam ón gcliabhán. (Bhí an chlann againne mar chuid de na Teaghlaigh Ghaelacha.) D'fhoghlamaíos Béarla nuair a chuaigh mé ar scoil. Mhúscail mo mhuintir suim i gcúrsaí Ghaolainne agus ceoil ón gcéad lá ionam.

Cad é an ról atá ag an Ionad Cultúrtha i saol na ndaoine agus i bpobal Mhúscraí dar leat?
Tá an tIonad Cultúrtha lárnach i saol cultúrtha an cheantair seo - baineann muintir na háite agus leanaí an cheantair an-úsáid as an áit. Bíonn ranganna ceoil ar siúl anseo ceithre lá sa tseachtain, mar shampla.

An dóigh leat go bhfuil difríocht idir ionad ealaíne a riaradh i gceantar baile agus amuigh faoin tuath?
Gan dabht, tá! Ar an gcéad dul síos, níl an daonra ann agus chomh maith leis sin, bíonn ar dhaoine turas fé leith a dhéanamh chun teacht anseo d'aon ghnó - seachas a bheith ag dul thar bhráid - fé mar a tharlódh, abair, sa chathair.

Cad iad na dúshláin is mó a bhíonn romhat agus tú i mbun do chuid oibre?
Daoine a mhealladh isteach chuig na taispeantais agus chuig na ceolchoirmeacha. Go háirithe toisc go bhfuil an-bhrú ar daoine na laethanta seo ó thaobh airgid de.

Ina theannta san - le ceantar Gaeltachta cosúil le Múscraí, má tharlaíon tragóid nó bás éigin, cuireann sin isteach ar na himeachtaí láithreach mar tá an nós ann freastal ar na himeachtaí a bhaineann lena leithéid de rud.

An mbíonn aon chúnamh agat i riaradh an Ionaid?
Tá cúntóir riaracháin ag obair go páirtaimseartha anseo agus tá duine ag cabhrú go páirtaimseartha istoíche, fé scéim shóisialta tuaithe.

Cad iad na hathruithe atá tugtha faoi ndear agat san áit, ó thosnaigh tú ag obair mar Bhainisteoir san Ionad Cultúrtha?
Tá an t-éileamh ar na ranganna ceoil ag fás an t-am ar fad agus cinnte bíonn daoine ag súil len i bhfad níos mó na laethanta seo - fáiltiú deas, áit chompordach, the agus mar sin de.

Cad iad na mórspriocanna amach romhat san Ionad Cultúrtha don todhchaí?
Síneadh nua a thógaint - chun freastal ar an bhfás mór atá tar éis tárlúint. Níl an áit mór a dhóthain anois agus tá géarghá leis an spás a thabhairt cothrom chun dáta - ó thaobh áiseanna agus mar sin de.

Conas a ligeann tú do scíth?
Siúlaim agus éistim le ceol!

imeachtaí

Mumha

IONAD CULTÚRTHA BHAILE BHÚIRNE, Co. Chorcaí
1-19 Nollaig **Loinnir** – Taispeántas le hEalaíontóirí Mhúscraí
9 Nollaig **Ceolchoirm Thraidisiúnta** le **Máirtín O'Connor**, **Cathal Hayden** agus **Seamie O'Dowd**
17 Nollaig **Ceadal Piano** le Daltaí Ailín Ní Fhlannagáin (Cuid 1)
18 Nollaig **Ceadal Piano** le Daltaí Ailín Ní Fhlannagáin (Cuid 2)
19 Nollaig **Ceolchoirm Dheireadh na Bliana** – Daltaí na múinteoirí ceoil, rince agus amhránaíochta.
Ionad: Halla Chúil Aodha
Teagmháil (0)26 45733
www.ionadculturtha.ie

Dún na nGall

26 Nollaig - 1 Eanáir **Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy**
8 Feabhra **TIONSCNAMH LUGH**
Tosóidh na hOícheannta d'amhránaithe arís Mí Feabhra 2012. 9.30i.n. Teach Hiúdaí Beag, Gaoth Dobhair
Eolas: 086 6050110;
www.tlugh.com

Connacht/Laighin

MAIGH EO
Áras Inis Ghluaire: Taispeántais, ceolchoirmeacha, ceardlanna, drámaíocht agus go leor eile. Gach eolas maidir le himeachtaí Áras Inis Ghluaire le fáil ó
www.arasinisgluaire.ie
CONAMARA
10/11 Nollaig **Féile Leabhar Bricíní** do dhaoine óga.
Ionad: Seanscoil Sailearna
- Taispeántas agus Díolacháin Leabhair.

Is é an fidléir Ben Lennon a sheolas Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy ar an Mháirt 27 Nollaig. [Grianghraf: Nutan]

- Dathú éadain ar feadh an lae.
- Bridget Bhreathnach ag léamh a leabhar 'Lúlú agus an Oíche Ghlórach'.
- Bronnadh duaiseanna na gComórtais Filíochta agus Ealaíne.
- Cur i láthair ón údar Colmán Ó Raghallaigh
- 'Déan do leabhar féin' le Gwyneth Uí Ghaora

Leighfidh Bridget Bhreathnach óna leabhar Lúlú agus an Oíche Ghlórach mar chuid de Fhéile Leabhar Bricíní

- 'Léigh mé leabhar' Gasúir óga ag tabhairt léirmheas ar leabhair a léigh siad.
- Taispeántas Gliondar. Cuireann Gliondar an bhéaloideas áitiúil agus na fís ealaíne isteach i mbeochan stop ghluaiseacht. Beidh sampla don obair seo le feiceáil.
- Léamh le Beartla Broc.
- Patricia Forde ag léamh 'Bingí – An Madra ar Strae'
- Máirtín Ó Direáin: A shaol agus a shaothar le Máirín Uí Chonghaile.
- An Sorcas Beag
- Carúil Nollag le Daltaí Scoil Shailearna

Eolas: Pléaráca 091/574882
www.plearaca.ie.

ÁRAS ÉANNA
Inis Oírr, Árainn, Co. na Gaillimhe
Eagraíonn an t-ionad ealaíne réimse leathan imeachtaí i gcaitheamh na bliana. araseanna@eircom.net
www.araseanna.ie; 353 99 751 50

ARDÁN: Club cumadóireachta, comhluadair agus ceoil. Ionad: An Tobar, An Spidéal.
Eolas: Tadhg Mac Dhonnagáin 087-9037779, Deirdre Nic Chonaonaigh sa Ghaelacadamh: 091-553124

Áisitheoirí Ealaín na Gaeltachta

Connachta & Co. na Mí:
Muireann Ní Dhroighneáin
(091) 503220
m.nidhroighneain@udaras.ie

Mumha:
Eibhlín de Paor
(066) 9150100/(026) 45366
e.depaor@udaras.ie

Tír Chonaill:
Micheál Mac Aoidh
(074) 9560100 m.macaoidh@udaras.ie

Feidhmeannach Forbartha:
Mícheál Ó Fearraigh
(074) 9560100
m.fearraigh@udaras.ie

Údarás na Gaeltachta
an arts council chomhairle ealaíon
ealaín
EALAÍN NA GAEILTACHTA TÍORANTA
FORBAIRT NA HEALAÍON DHUCHASACHA AGUS COMHAIMSEARTHA